Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Nollaig 2023
(OR. en)

16773/23

LIMITE

ENER 696

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclúidí Aireachta ón nGrúpa Ardleibhéil maidir leis an Nascacht Fuinnimh do Lár agus Oirdheisceart na hEorpa<br>- Údarú chun ionstraim neamhcheangailteach a shíniú |

1. An 5 Iúil 2023, chuir an Coimisiún in iúl don Mheitheal um Fhuinneamh go raibh sé ar intinn aige na Conclúidí Aireachta ón nGrúpa Ardleibhéil maidir leis an Nascacht Fuinnimh do Lár agus Oirdheisceart na hEorpa[1] a fhormhuiniú thar ceann an Aontais.

2. An 18 Iúil 2023, phléigh an Mheitheal um Fhuinneamh an cur chuige a mhol an Coimisiún, agus é le tuiscint go gcuirfeadh an Coimisiún an Mheitheal ar an eolas faoi dhul chun cinn na caibidlíochta maidir leis na Conclúidí Aireachta leis na páirtithe lena mbaineann agus go bhfillfeadh sí ar an gComhairle ag deireadh an phróisis caibidlíochta chun údarú na Comhairle a lorg chun na Conclúidí Aireachta ón nGrúpa Ardleibhéil maidir leis an Nascacht Fuinnimh do Lár agus Oirdheisceart na hEorpa a fhormhuiniú thar ceann an Aontais a fhormhuiniú thar ceann an Aontais.

3. An 18 Meán Fómhair 2023, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún na Conclúidí Aireachta sin a chaibidil thar ceann an Aontais (11974/23).

[1] 9153/23.

4. An 12 Nollaig 2023, phléigh an Mheitheal um Fhuinneamh téacs na ndréacht-Chonclúidí Aireachta mar a leagtar amach in WK 16510/23 é. Ní raibh barúlacha ach ag líon beag Ballstát. Réitíodh iad seo gan an téacs a athrú.

5. Idir an 13 agus an 15 Nollaig, cuireadh an téacs faoi bhráid na Meithle um Fhuinneamh trí chomhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn. Ní dhearnadh aon agóid.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

- a chomhaontú maidir le téacs na gconclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach in 16776/23 é a dhearbhú;

- a iarraidh ar an gComhairle údarú a thabhairt don Choimisiún na Conclúidí Aireachta ón nGrúpa Ardleibhéil maidir leis an Nascacht Fuinnimh do Lár agus Oirdheisceart na hEorpa a shíniú thar ceann an Aontais ag cruinniú aireachta CESEC an 19 Eanáir 2024 in Aithin na Gréige, mar a leagtar amach in 16776/23 iad, faoi réir coigeartuithe beaga a d'fhéadfaí a dhéanamh mar thoradh ar an gcaibidlíocht leis na comhpháirtithe ábhartha, ach gan athruithe ó thaobh substainte de.

PUBLIC